# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/867 ÓN gCOIMISIÚN

**an 28 Bealtaine 2021**

**maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le bréagáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), bréagáin atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glacfar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó leis na codanna sin díobh agus a leagtar amach in Airteagal 10 de Threoir 2009/48/CE agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.

(2) I gCuid III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2009/48/CE, leagtar ceanglais shonracha síos chun a áirithiú nach bhfuil aon riosca go mbeadh éifeachtaí díobhálacha ann ó thaobh shláinte an duine de bharr nochtadh do na substaintí ceimiceacha nó na meascáin cheimiceacha as a ndearnadh na bréagáin nó atá sna bréagáin. Ina theannta sin, i gCuid IV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2009/48/CE, leagtar ceanglais shonracha síos chun a áirithiú go bhfuil ardleibhéal sábháilteachta bréagán ann maidir le guaiseacha leictreacha.

(3) Le litir M/445 ([3]) an 9 Iúil 2009, rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) go ndréachtófaí caighdeáin chomhchuibhithe nua agus go ndéanfaí athbhreithniú ar chaighdeáin chomhchuibhithe atá ann cheana chun tacú le Treoir 2009/48/CE.

(4) Ar bhonn iarraidh M/445 an 9 Iúil 2009, d'athbhreithnigh CEN caighdeán comhchuibhithe EN 71-7:2014 +A2:2018 "Sábháilteacht bréagán – Cuid 7: Méarphéinteanna – Ceanglais agus modhanna tástála", caighdeán ar foilsíodh an tagairt dó le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1728 ón gCoimisiún ([4]). Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán comhchuibhithe EN 71-7:2014+A3:2020.

(5) Le caighdeán comhchuibhithe EN 71-7:2014+A3:2020, déantar foráil maidir le tagairt uasdátaithe do reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le húsáid roinnt dathán a liostaítear i dtáblaí A.1 agus A.2 d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gcaighdeán sin, rud a dhéantar agus na sonraíochtaí agus na critéir íonachta is déanaí a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún ([5]) á gcur san áireamh. Leis an liosta leasaitheach is ceadmhach a úsáid i méarphéinteanna, liosta a leagtar amach i dtábla B.1 d'Iarscríbhinn B a ghabhann le caighdeán comhchuibhithe EN 71-7:2014+A3:2020, laghdaítear an t-uas-leibhéal incheadaithe climeasóil chuig 0,2 % i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is déanaí a thugtar san aguisín a ghabhann leis an tuairim ón gCoiste Eolaíoch um Shábháilteacht Tomhaltóirí ([6]).

---

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán (IO L 170, 30.6.2009, lch. 1).

([3]) M/445 an 9 Iúil 2009 maidir le sainordú caighdeánaithe, litir a dhírítear chuig CEN agus CENELEC faoi chuimsiú Threoir 2009/48/CE lena leasaítear Treoir 88/378/CEE maidir le sábháilteacht bréagán.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1728 ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2019 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le bréagáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 263, 16.10.2019, lch. 32).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1).

([6]) An Tuairim maidir le Climeasól (P64) tag. SCCS/1506/13.

(6) Ar bhonn iarraidh M/445 an 9 Iúil 2009, d'athbhreithnigh CEN caighdeán comhchuibhithe EN 71-12:2013 "Sábháilteacht bréagán – Cuid 12: N-Nítreasaimíní agus substaintí N-In-nítreasáithithe", caighdeán ar foilsíodh an tagairt dó le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1728. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán comhchuibhithe EN 71-12:2016.

(7) Le caighdeán comhchuibhithe EN 71-12:2016 déantar foráil maidir le modhanna tástála feabhsaithe le haghaidh N-Nítreasaimíní agus substaintí N-in-nítreasáithithe i leaistiméirí, go háirithe maidir leis an gcumas N-Nítreasaimíní (nithe atá carcanaigineach go minic) a bhrath fiú ag leibhéil ísle, agus chomh maith leis sin, maidir le sonraí faoi thástálacha praiticiúla lena gcuirfear an modh tástála i gcrích ar bhonn níos comhsheasmhaí. Ina theannta sin, N-nítreasaimíní ar bith a d'fhéadfadh a bheith i mbréagáin áirithe, áirítear bealaí malartacha sa chaighdeán freisin chun iad a thomhas agus a shainaithint. Thairis sin, leathnaíodh raon feidhme an chaighdeáin maidir leis na hábhair atá le tástáil agus le fad na céime ascnaimh le haghaidh leaistiméirí, céim atá ina croíchuid den mhodh tástála a bhaineann leis na hábhair áirithe sin de chuid bréagán.

(8) Ar bhonn iarraidh M/445 an 9 Iúil 2009, d'athbhreithnigh Cenelec caighdeán comhchuibhithe EN 62115:2005 "Bréagáin leictreacha – Sábháilteacht" agus na leasuithe gaolmhara, caighdeán ar foilsíodh na tagairtí dó le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1728. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán comhchuibhithe EN IEC 62115:2020 agus an leasú air darb uimhir EN IEC 62115:2020/A11:2020.

(9) Le caighdeán athbhreithnithe EN IEC 62115:2020 agus leis an leasú air darb uimhir EN IEC 62115:2020/A11:2020, déantar foráil maidir le rabhaidh bhreise chun a áirithiú go mbeidh faisnéis níos fearr ann do thomhaltóirí maidir leis na guaiseacha a bhaineann le ceallraí boinn a shlogadh. Leis an gcaighdeán sin, déantar na ceanglais inrochtaineachta maidir le ceallraí boinn agus ceallraí cnaipe a thabhairt chun dáta, agus tugtar ceanglais nua isteach le haghaidh bréagáin atá nasctha le fearais tí, lena n-áirítear ríomhairí, chun úsáideoirí a chosaint ar thurraing leictreach. Leis an gcaighdeán, modhnaítear na critéir maidir le tástáil laghdaithe a thuilleadh ionas go gceadaítear ceanglais shimplithe maidir le bréagáin leictreacha a bhfuil leibhéil ísle chumhachta acu, agus déantar foráil maidir le ceanglais bhreise i ndáil le sábháilteacht LEDanna i mbréagáin chun an riosca a laghdú go dtarlódh gortú súilí. Tugtar ceanglais nua isteach chun aghaidh a thabhairt ar ghuaiseacha a bhaineann le húsáid bréagán marcaíochta leictreach cianrialaithe. Na cineálacha ceallraí atá le húsáid chun tástáil a dhéanamh ar bhréagáin leictreacha a sholáthraítear gan chadhnraí, sonraítear iad sin a thuilleadh ar mhaithe le hin-atáirgtheacht na tástála a fheabhsú, agus is é cúis atá leis sin an méadú atá tagtha ar na cineálacha ceallraí atá ar fáil. Ina theannta sin, déantar foráil maidir le catagóiriú na gcoinníollacha ginearálta le haghaidh tástálacha chun a áirithiú go mbeidh na coinníollacha tástála oiriúnach do gach cineál bréagáin agus dá soláthar cumhachta.

(10) Caighdeán comhchuibhithe EN 71-7:2014+A3:2020 a dhréachtaigh CEN, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann an caighdeán sin iarraidh M/445 an 9 Iúil 2009. Comhlíonann caighdeán comhchuibhithe EN 71-7:2014+A3:2020 na ceanglais is aidhm dó a chumhdach agus a leagtar amach i dTreoir 2009/48/CE. Is iomchuí dá réir sin an tagairt don chaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(11) Cuirtear caighdeán comhchuibhithe EN 71-7:2014+A3:2020 in ionad chaighdeán comhchuibhithe EN 71-7:2014 +A2:2018. Is iomchuí dá réir sin an tagairt don chaighdeán sin a tharraingt siar de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tarraingt siar na tagartha do chaighdeán comhchuibhithe EN 71-7:2014+A2:2018, is gá í a chur siar ionas go mbeidh a ndóthain ama ag monaróirí bréagán a gcuid táirgí a chur in oiriúint do na sonraíochtaí athbhreithnithe i gcaighdeán comhchuibhithe EN 71-7:2014+A3:2020.

(12) Caighdeán comhchuibhithe EN 71-12:2016 a dhréachtaigh CEN, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann an caighdeán sin iarraidh M/445 an 9 Iúil 2009. Comhlíonann caighdeán comhchuibhithe EN 71-12:2016 na ceanglais is aidhm dó a chumhdach agus a leagtar amach i dTreoir 2009/48/CE. Mar sin féin, pointe a) de thábla 2 de chaighdeán comhchuibhithe EN 71-12:2016, téann sé thar na ceanglais a leagtar amach i bpointe 8 de chuid III d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin trí bhíthin foráil a dhéanamh maidir le teorainnluach 0,01 mg/kg le haghaidh N-Nítreasaimíní seachas teorainnluach 0,05 mg/kg, agus maidir le teorainnluach 0,1 mg/kg le haghaidh substaintí N-In-nítreasáithithe seachas teorainnluach 1 mg/kg. Ós rud é gurb iad na teorainnluachanna a leagtar síos i dTreoir 2009/48/CE na teorainnluachanna atá le comhlíonadh, is gá nóta faisnéise a chur isteach leis i ndáil leis sin agus caighdeán EN 71-12:2016 á fhoilsiú.

(13) Cuirtear caighdeán comhchuibhithe EN 71-12:2016 in ionad chaighdeán comhchuibhithe EN 71-12:2013. Is iomchuí dá réir sin an tagairt don chaighdeán sin a tharraingt siar de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tarraingt na tagartha do chaighdeán comhchuibhithe EN 71-12:2013, is gá í a chur siar ionas go mbeidh a ndóthain ama ag monaróirí bréagán a gcuid táirgí a chur in oiriúint do na sonraíochtaí athbhreithnithe i gcaighdeán comhchuibhithe EN 71-12:2016.

(14) Caighdeán comhchuibhithe EN IEC 62115:2020 agus an leasú air darb uimhir EN IEC 62115:2020/A11:2020, nithe a dhréachtaigh Cenelec, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le Cenelec féachaint an gcomhlíonann siad iarraidh M/445 an 9 Iúil 2009. Caighdeáin chomhchuibhithe EN IEC 62115:2020 agus EN IEC 62115:2020/A11:2020, comhlíonann siad na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach agus a leagtar amach i dTreoir 2009/48/CE. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(15) Caighdeán comhchuibhithe EN IEC 62115:2020 agus an leasú air darb uimhir EN IEC 62115:2020/A11:2020, cuirtear iad in ionad chaighdeán comhchuibhithe EN 62115:2005 agus na leasuithe gaolmhara. Is gá dá bhrí sin an tagairt do chaighdeán EN 62115:2005 agus do na leasuithe gaolmhara a tharraingt siar de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tarraingt siar na tagartha do chaighdeán comhchuibhithe EN 62115:2005 agus do na leasuithe gaolmhara, is gá í a chur siar ionas go mbeidh a ndóthain ama ag monaróirí bréagán a gcuid táirgí a chur in oiriúint do na sonraíochtaí athbhreithnithe i gcaighdeán comhchuibhithe EN IEC 62115:2020 agus sa leasú air darb uimhir EN IEC 62115:2020/A11:2020.

(16) Ar mhaithe le soiléireacht, le réasúntacht agus le simpliú, na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2009/48/CE agus a chomhlíonann na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ba cheart liosta iomlán de na tagairtí sin a fhoilsiú in aon ghníomh amháin. Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2009/48/CE, is le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1728 atá siad foilsithe faoi láthair. Dá bhrí sin, is gá Cinneadh nua a chur in ionad Chinneadh (AE) 2019/1728.

(17) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe maidir le bréagáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2009/48/CE agus a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, déantar leis seo iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1728.

Mar sin féin, na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe maidir le bréagáin a dréachtóidh chun tacú le Treoir 2009/48/CE agus a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, leanfaidh Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1728 d'fheidhm a bheith aige maidir leis na tagairtí sin go dtí na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

<table>
<tr><th>Uimh.</th><th>An tagairt don chaighdeán</th></tr>
<tr><td>1.</td><td>EN 71-1:2014+A1:2018 Sábháilteacht bréagán — Cuid 1: Airíonna meicniúla agus fisiciúla</td></tr>
<tr><td>2.</td><td>EN 71-2:2011+A1:2014 Sábháilteacht bréagán — Cuid 2: Inadhainteacht</td></tr>
<tr><td>3.</td><td>EN 71-3:2019 Sábháilteacht bréagán – Cuid 3: Aistriú gnéithe áirithe</td></tr>
<tr><td>4.</td><td>EN 71-4:2013 Sábháilteacht bréagán — Cuid 4: Foirne turgnaimh le haghaidh gníomhaíochtaí ceimice agus gníomhaíochtaí gaolmhara</td></tr>
<tr><td>5.</td><td>EN 71-5:2015 Sábháilteacht bréagán — Cuid 5: Bréagáin cheimiceacha (foirne) eile seachas foirne turgnaimh</td></tr>
<tr><td>6.</td><td>EN 71-7:2014+A3:2020 Sábháilteacht bréagán — Cuid 7: Méarphéinteanna — Ceanglais agus modhanna tástála</td></tr>
<tr><td>7.</td><td>EN 71-8:2018 Sábháilteacht bréagán — Cuid 8: Bréagáin ghníomhaíochta le haghaidh úsáid tí</td></tr>
<tr><td>8.</td><td>EN 71-12:2016 Sábháilteacht bréagán — Cuid 12: N-Nítreasaimíní agus substaintí N-In-Nítreasáithithe<br><br>Nóta faisnéise: Na teorainnluachanna i bpointe a) de Thábla 2 de chlásal 4.2 de chaighdeán “EN 71-12:2016 Sábháilteacht bréagán – Cuid 12: N-Nítreasaimíní agus substaintí N-In-Nítreasáithithe”, is ísle iad ná na teorainnluachanna atá le comhlíonadh a leagtar síos i bpointe 8 de chuid III d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2009/48/CE. Is iad seo a leanas na luachanna sin go háirithe:
<table>
<tr><th>Substaint</th><th>Caighdeán EN 71-12:2016</th><th>Treoir 2009/48/CE</th></tr>
<tr><td>N-nítreasaimíní</td><td>0,01 mg/kg</td><td>0,05 mg/kg</td></tr>
<tr><td>Substaint N-In-nítreasáithithe</td><td>0,1 mg/kg</td><td>1 mg/kg</td></tr>
</table></td></tr>
<tr><td>9.</td><td>EN 71-13:2014 Sábháilteacht bréagán — Cuid 13: Cluichí boird boltanacha, trealamh cosmaidí agus cluichí blastachta</td></tr>
<tr><td>10.</td><td>EN 71-14:2018 Sábháilteacht bréagán – Cuid 14: Trampailíní d’úsáid tí</td></tr>
<tr><td>11.</td><td>EN IEC 62115:2020 Bréagáin leictreacha — Sábháilteacht<br>EN IEC 62115:2020/A11:2020</td></tr>
</table>

*IARSCRÍBHINN II*

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| 1. | EN 71-7:2014+A2:2018 Sábháilteacht bréagán – Cuid 7: Méarphéinteanna – Ceanglais agus modhanna tástála<br>Nóta: Maidir leis an gclimeasól leasaitheach atá ceadaithe (iontráil 22 i dTábla B.1 d'Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gcaighdeán seo) tá feidhm ag an toimhde comhréireachta suas le huastiúchan ceadaithe 0,2 % (ní: 0,5 %). Tá sé sin bunaithe ar an "AGUISÍN a ghabhann leis an Tuairim maidir le Climeasól (P64) tag. SCCS/1506/13" ón gCoiste Eolaíoch um Shábháilteacht Tomhaltóirí (SCCS), rud a glacadh tar éis do CEN an caighdeán a fhoilsiú.<br>https://ec.europa.eu/health/sites/health/files/scientific_committees/consumer_safety/docs/sccs_o_212.pdf | 28 Samhain 2021 |
| 2. | EN 71-12:2013 Sábháilteacht bréagán — Cuid 12: N-Nítreasaimíní agus substaintí N-In-nítreasáithithe | 28 Samhain 2021 |
| 3. | EN 62115:2005 Bréagáin leictreacha – Sábháilteacht<br>IEC 62115:2003 (Mionathraithe) + A1:2004<br>EN 62115:2005/A11:2012/AC:2013<br>EN 62115:2005/A11:2012<br>EN 62115:2005/A12:2015<br>EN 62115:2005/A2:2011/AC:2011<br>EN 62115:2005/A2:2011<br>IEC 62115:2003/A2:2010 (Mionathraithe) | 21 Feabhra 2022 |